2024/438

31.1.2024

**CINNEADH (AE) 2024/438 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 29 Eanáir 2024**

**lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, de Choiste na Réigiún**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ([1]),

Ag féachaint don togra ó rialtas na Gearmáine,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 26 Bealtaine 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2021/878 ([2]), lena gceaptar comhalta malartach, arna mholadh ag Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, de Choiste na Réigiún.

(3) Tá suíochán comhalta ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis do Melanie HUML éirí as oifig.

(4) Mhol rialtas Eric BEIßWENGER, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás réigiúnach, *Staatsminister, Bayerische Staatsregierung* (Aire Stáit, Státrialtas na Baváire), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar Eric BEIßWENGER, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach, *Staatsminister, Bayerische Staatsregierung* (Aire Stáit, Státrialtas na Baváire), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Eanáir 2024.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
H. LAHBIB

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 13.
([2]) Cinneadh (AE) 2021/878 ón gComhairle an 26 Bealtaine 2021 lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, de Choiste na Réigiún (IO L 192, 1.6.2021, lch. 13).